AN TSRAITH SHINSEARACH
SENIOR CYCLE

# Cén t-eolas atá againn ar an Idirbhliain?
# **Ag féachaint ar aghaidh don todhchaí**

Educational Research Centre
Foras Taighde ar Oideachas

Údar:
An Dr Aidan Clerkin (Foras Taighde ar Oideachas, Baile Átha Cliath)
Ríomhphost: aidan.clerkin@erc.ie Twitter: @clerkinclerkin

Tugtar forléargas leis an achoimre seo ar a bhfuil ar eolas againn mar gheall ar thaighde a rinneadh cheana ar an idirbhliain ina raibh ról lárnach ag tuairimí na scoláirí agus ag tuairimí na múinteoirí. Áirítear leis an taighde seo na buntáistí agus na dúshláin is mó a luaitear leis an idirbhliain mar aon le roinnt ceisteanna tábhachtacha nach bhfuil mórán eolais ann ina dtaobh go fóill.

Ag deireadh na hachoimre, tugtar roinnt moltaí maidir le gnéithe áirithe den idirbhliain arbh fhiú machnamh a dhéanamh orthu agus athbhreithniú á dhéanamh ar an tsraith shinsearach, lena n-áirítear an idirbhliain, in Éirinn. Cuirtear deis ar fáil leis an gcomhairliúchán ar an tsraith shinsearach scrúdú a dhéanamh ar na tuiscintí atá againn ar an idirbhliain agus ar na bealaí a gcuirtear chun feidhme í i scoileanna éagsúla agus i gcomhthéacsanna éagsúla agus breithmheas a thabhairt ar na tuiscintí agus ar na bealaí sin. Ach sin a dhéanamh, is féidir linn breathnú ar na bealaí arbh fhéidir feabhas a chur ar eispéireas oideachasúil an scoláire sa tsraith shinsearach agus cleachtais nó smaointe atá ann anois ar cheart iad a choimeád do ghrúpaí amach anseo a aithint.

AN TSRAITH SHINSEARACH
SENIOR CYCLE

Cén t-eolas atá againn ar an Idirbhliain?
**Ag féachaint ar aghaidh don todhchaí**

Educational Research Centre
Foras Taighde ar Oideachas

## Pointí tábhachtacha faoin Idirbhliain

1. Cuireann formhór na scoláirí a dhéanann an idirbhliain in iúl gur bhain siad taitneamh as agus go ndeachaigh sé chun tairbhe dóibh. Tacaíonn roinnt múinteoirí agus tuismitheoirí leis an dearcadh sin. (*Féach "Buntáistí", thíos.*)

2. Cuireann mionlach suntasach scoláirí – abair an ceathrú cuid – in iúl go raibh díomá orthu leis an idirbhliain nó nach ndeachaigh an t-eispéireas i bhfeidhm orthu. (*Féach "Fadhbanna", thíos.*)

3. Tá méadú tagtha ar líon na scoileanna ina gcuirtear an idirbhliain ar fáil go seasmhach le himeacht ama ó 60% de scoileanna i 1994/95 go dtí 89% de scoileanna in 2014/15.

4. Tháinig méadú seasmhach ar líon na scoláirí a thugann faoin idirbhliain (mar a bhfuil sí ar fáil) freisin ó 31% den ghrúpa incháilithe i 1994/95 go 65% in 2014/15. Ón mbliain 2008/09 i leith, rinne formhór na scoláirí an idirbhliain gach bliain.

5. Go ginearálta, cuirtear níos mó dearcaí diúltacha ar an idirbhliain in iúl mar a bhfuil sí riachtanach seachas roghnach.

6. Sa bhliain 2013, thug an Chóiré Theas clár a dhírítear ar an scoláire atá trí bliana déag d'aois agus ar bunaíodh cuid de ar an idirbhliain, isteach sa scoil mheánach. Tá oideachasóirí, lucht déanta beartas agus taighdeoirí na Cóiré ag baint leas as taithí na hÉireann leis an idirbhliain mar bhonn eolais don tionscnamh seo a fhorbairt. Tá suim as an nua curtha ag an bhFionlainn agus ag Sasana i gcláir idirbhliana ag tús na sraithe sinsearaí freisin.

## Buntáistí

Áirítear na gnéithe seo a leanas i measc na mbuntáistí a bhaineann leis an idirbhliain:

- cairde nua a dhéanamh agus meascadh le grúpaí eile;
- caidreamh níos fearr a chruthú le múinteoirí;
- sos ón mbrú a bhaineann le scrúduithe tábhachtacha sula dtéitear isteach sa tsraith shinsearach;
- modhanna éagsúla teagaisc agus measúnaithe amhail punanna agus obair tionscnaimh;
- turais a dhéanamh in Éirinn nó thar lear;
- deis chun taithí a fháil ar réimse ábhar;
- taithí oibre a dhéanamh agus deiseanna chun páirt a ghlacadh i 'ndomhan na ndaoine fásta';
- machnamh a dhéanamh ar shlite beatha agus ar réimsí éagsúla léann agus foghlaim fúthu;
- roghanna níos fearr a dhéanamh i ndáil le hábhair don tsraith shinsearach (tar éis triail a bhaint as ábhair éagsúla agus mar gheall ar léargas a fuarthas a bhuí leis an taithí oibre);
- páirt a ghlacadh i gceoldrámaí, i mionchuideachtaí agus i dtionscadail eile meántéarmacha agus fadtéarmacha;
- scileanna féinriar agus eagrúcháin a fhorbairt (m.sh., bainistíocht ama);
- braitheann an scoláire níos aibí agus níos neamhspleáiche;
- suim a chur i rudaí nua agus scileanna nua (pearsanta, sóisialta, praiticiúla agus ealaíonta) a fhorbairt;
- scileanna sóisialta agus muinín a fhorbairt.

Luaigh formhór na scoláirí na torthaí seo (agus d'aontaigh na múinteoirí agus na tuismitheoirí leis) gach bliain – agus léiríodh tacaíocht láidir don chlár mar "eispéireas a chuaigh go mór i bhfeidhm" ar shaol an scoláire in amanna.

## Fadhbanna

Chuir scoláirí dearcaí diúltacha in iúl nuair a bhí siad díomhaoin don bhliain.

- Bíonn a leithéid i gceist nuair a bhraitheann an scoláire nach mbíonn mórán le déanamh sna ranganna san idirbhliain agus nach mbíonn na múinteoirí dáiríre go leor faoin idirbhliain (m.sh. “bíonn na múinteoirí amuigh ag labhairt sna pasáistí le linn an ranga”) nó nuair a bhíonn na ranganna róchosúil ó thaobh leagan amach de nó ó thaobh ábhair de leis na gnáthranganna a bhíonn ann sa tsraith shóisearach nó sa tsraith shinsearach.
- Sna cásanna sin, tagann leadrán ar an scoláire agus tarraingíonn sé siar.
- Is féidir seo a chur i gcomparáid leis an tuiscint gur ‘sos’ atá san idirbhliain idir an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach, rud a thaitníonn le roinnt scoláirí. Sna cásanna seo, déanann na scoláirí cur síos ar rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomhaíochtaí dúshlánacha ábhartha agus in eispéiris nua sa seomra ranga agus taobh amuigh di freisin.

Aithnítear go bhfuil imní ann freisin go rachaidh scileanna staidéir i léig le linn na bliana agus i ndáil leis an gcostas breise a bhaineann leis an idirbhliain.

- Bíonn na ceisteanna seo ina gcúis leis an gcinneadh a dhéanann roinnt scoláirí sa tríú bliain a mbeadh suim acu sna heispéiris eile a bhaineann leis an idirbhliain gan an idirbhliain a dhéanamh...
- ... nó leis an aithreachas a bhíonn ar scoláirí idirbhliana nuair a bhraitheann siad gur chuir an bhliain isteach ar an dul chun cinn acadúil a bhí á dhéanamh acu agus nach ndeachaigh an bhliain chur tairbhe dóibh. (Mar sin féin, is beag fianaise atá ann go raibh scoláirí sa chúigiú bliain nó sa séú bliain a rinne an idirbhliain faoi mhíbhuntáiste mar gheall uirthi.)

# Cén t-eolas atá againn ar an Idirbhliain?
# **Ag féachaint ar aghaidh don todhchaí**



Léiríonn figiúirí a tháinig amach le déanaí nach mbíonn an idirbhliain ar fáil do scoláirí uile na scoile i scoil amháin as gach deich scoil ar fud na hÉireann (11% de scoileanna in 2014/15).

- Bíonn a leithéid níos coitianta i measc scoileanna beaga, scoileanna a bhfuil níos mó scoláirí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíocha ag freastal orthu agus scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.
- Baineann an cinneadh gan idirbhliain a chur ar fáil le heaspa suime scoláirí na scoile san idirbhliain, srianta ó thaobh acmhainní de nó grúpaí beaga.
- Cé go dtéann easpa suime na scoláirí san idirbhliain i bhfeidhm ar an gcinneadh a dhéanann scoil gan an idirbhliain a chur ar fáil, fágann sin freisin nach mbíonn rochtain ag an scoláire ag a bhfuil suim sa bhliain bhreise (nó i ngnéithe áirithe di) uirthi.

## Anaithnidí

Tá fianaise iontaofa ann go n-éiríonn níos fearr leis an scoláire a dhéanann an idirbhliain san ardteistiméireacht i gcomparáid leis an scoláire nach dtugann faoin idirbhliain (fiú tar éis an chaoi ar éirigh leis sa Teastas Sóisearach agus cúinsí eile cúlra a chur san áireamh). Mar sin féin, níl na cúiseanna leis an difríocht seo soiléir go fóill. D'fhéadfadh sé go mbeadh na gnéithe seo a leanas i gceist:

- scileanna féinriar agus eagrúcháin a fhoghlaimíonn an scoláire san idirbhliain;
- difríochtaí san inspreagadh a bhaineann le meon an scoláire, uaillmhian an scoláire nó na spriocanna atá aige ó thaobh gairme de (mar shampla, má chabhraíonn taithí ar réimse leathan ábhar, ar thimpeallachtaí oibre agus ar eispéiris éagsúla leis an scoláire spriocanna dírithe a leagan amach dó féin sa tsraith shinsearach nó don saol tar éis na scoile);
- difríochtaí sa rannpháirtíocht chognaíoch, iompraíoch nó mhothúchánach ar scoil (mar shampla, is dóichí go n-iarrfaidh an dalta ag a bhfuil caidreamh níos láidre leis an múinteoir cabhair ar an múinteoir, rud a chabhródh le tuiscint an scoláire ar an ábhar agus ar straitéisí foghlama ní ba leithne);

- roghanna níos fearr a dhéanamh maidir leis na hábhair agus an triail a baineadh as na hábhair agus an taithí oibre mar bhonn eolais leis na roghanna sin;
- an éagsúlacht idir próifíl dhéimeagrafach agus próifíl oideachasúil na scoláirí sin a ghlacann páirt san idirbhliain agus na scoláirí nach nglacann;
- nó cúinsí eile.

Cé gur chuir scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí in iúl go seasmhach le blianta fada anuas go dtagann forbairt mhór sochmhothúchánach orthu siúd a dhéanann an idirbhliain i dtéarmaí cáilíochtúla (m.sh. in agallaimh nó i nótaí scríofa), is beag taighde a rinneadh go dtí seo ar bhonn cainníochtúil (tomhaiste) ar na difríochtaí idir an scoláire a dhéanann an idirbhliain agus an scoláire nach ndéanann.

- Fuarthas amach le déanaí le suirbhé a rinne an Chomhairle Eorpach um Thaighde go raibh difríochtaí suntasacha sochmhothúchánacha ann idir na scoláirí sin a ghlac páirt san idirbhliain agus scoláirí *ag deireadh na tríú bliana* (i.e. roimh an idirbhliain) ach gur bhain ní ba lú difríochtaí cainníochtúla inbhraite i bpatrúin *forbartha thar am* leis an idirbhliain agus na scoláirí ag dul ar aghaidh sa bhliain.
- D'fhéadfaí roinnt mhaith taighde eile a dhéanamh sa réimse seo. D'fhéadfaí a leithéid de shaothar a úsáid sa todhchaí mar bhonn eolais do staidéar ar dhifríochtaí idir gnóthachtáil acadúil na scoláirí (san Ardteistiméireacht).

Cé go bhfuil cás-staidéir mhaithe ar fáil i ndáil leis an idirbhliain a chur chun feidhme i gcomhthéacsanna éagsúla scoile, is beag eolais uile-chórais atá ar fáil ar dhifríochtaí eagrúcháin nó struchtúrtha sna cláir idirbhliana a chuirtear ar fáil i scoileanna éagsúla.

- Mar shampla, bunaítear an meastachán iontaofa is deireanaí atá ar fáil i ndáil le líon na scoileanna ina bhfuil an idirbhliain riachtanach (aon cheathrú de na scoileanna) ar shonraí a bhailigh ITES in 2001 – beagnach fiche bliain ó shin.

## Ceisteanna ar cheart machnamh a dhéanamh orthu

Tá fianaise ann, fiú sa chás go gcuireann scoil an idirbhliain ar fáil, go bhféadfadh sé nach mbeadh sé indéanta an idirbhliain a chur ar fáil do gach scoláire a bhfuil suim acu san idirbhliain (nó cuid di).

- Má fhanann rudaí mar atá: is lú seans go ndéanfaidh an scoláire atá *níos sine*, an scoláire ó *chúlra éagsúil teanga*, an scoláire a raibh *gnóthachtáil ní b'ísle san oideachas* ag a thuismitheoirí, an scoláire a bhfuil *a fhios aige cén post ar mhaith leis a fháil sa todhchaí*, an scoláire *nach bhfuil sé ar intinn aige céim tríú leibhéal a dhéanamh*, an scoláire *ag a bhfuil inspreagadh féinriartha* sa tsraith shóisearach agus an scoláire *nach bhfuil suim aige san obair scoile* sa tsraith shóisearach an idirbhliain. Anuas air sin, uaireanta ní mholann múinteoirí don scoláire a bheadh i mbaol an scoil a fhágáil luath nó don scoláire trioblóideach an idirbhliain a dhéanamh.
- Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh suim ag an scoláire nach ndéanann an idirbhliain i ngnéithe áirithe den bhliain nó go mbeadh suim aige san idirbhliain dá reáchtálfaí ar bhealach difriúil sa scoil í.
  - Mar shampla, léirigh suirbhé a rinne an Chomhairle Eorpach um Thaighde gur cheap oiread agus leath na scoláirí sa tríú bliain nach ndearna an idirbhliain ina dhiaidh sin, go raibh clár maith idirbhliana sa scoil (cé nár roghnaigh siad an idirbhliain a dhéanamh) agus cheap *aon cheathrú eile den ghrúpa* nach rud maith a bhí san idirbhliain go ginearálta ach gur cheap *aon cheathrú* den ghrúpa sin nach ndearna an idirbhliain go raibh an idirbhliain go maith do scoláirí i scoileanna eile ach nach raibh aon mhaitheas inti *ina scoil féin*.
- *An bhfuil na scoláirí seo ag cailliúint amach ar eispéireas a d'fhéadfadh a bheith dearfach ar an iomlán?*
- *Cé chomh coitianta agus atá sé go mbogfadh scoláire ó scoil amháin go scoil eile chun an idirbhliain a dhéanamh?*
  - Ar cheart an fhéidearthacht sin a mholadh mura bhfuil an idirbhliain ar fáil go háitiúil?
  - Cad a tharlódh dá mbeadh turas fada i gceist nó dá mbeadh ar an scoláire cónaí áit eile seachas an baile?

- *An bhfuil féidearthachtaí ann do chomhar níos mó idir na scoileanna d'fhonn réimse níos leithne roghanna a chur ar fáil don scoláire?*
  - Mar shampla, an bhféadfadh scoláire triail a bhaint as ábhar nó modúl eile a chuirtear ar fáil i scoil eile (ach nach gcuirtear ar fáil ina scoil féin) ag an scoil eile nó ar líne?
- *An bhfuil bealaí ann chun rochtain níos leithne ar an idirbhliain a chur ar fáil?*
  - An bhféadfaí í a dhéanamh ní ba mhealltaí?
  - Nó an bhfuil sí inrochtana cheana?

Bealach amháin a bhféadfadh scoileanna áirithe aghaidh a thabhairt ar an gceist seo is ea go mbeadh an idirbhliain riachtanach do gach scoláire.

- Mar sin féin, bíonn an t-aiseolas ó na scoláirí níos diúltaí i gcás ina bhfuil sé riachtanach páirt a ghlacadh inti. Ba cheart a aithint go mbíonn cúiseanna bailí ag scoláirí dul ar aghaidh gan an idirbhliain a dhéanamh – mar shampla, má tá a fhios ag an scoláire cad ba mhaith leis a dhéanamh tar éis na scoile agus mura bhfuil sé ag iarraidh bliain a 'chur amú' ag plé le bliain nach bhfuil cáilíocht fhoirmiúil ag gabháil léi, nó mura bhfuil sé ag iarraidh an costas breise, a d'fhéadfadh a bheith suntasach go leor, a sheasamh. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh sé isteach ar eispéireas agus ar rannpháirtíocht na scoláirí eile (agus múinteoirí) san idirbhliain dá gcuirfí iallach ar an scoláire nach bhfuil suim aige sa scoil nó ar an scoláire ar nós chuma liom an idirbhliain a dhéanamh.
- *Mar gheall ar na cúiseanna seo, ba cheart machnamh go cúramach air sula gcinntear go mbeidh sí riachtanach.* Sa chás gurb é an rogha is fearr atá ann (m.sh. i scoileanna beaga) ba cheart do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí cuimhneamh air go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh féinriar agus ionchur áirithe ag na scoláirí (lena n-áirítear, nó b'fhéidir go háirithe – rannpháirtithe drogallacha) sa chinnteoireacht d'fhonn rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí na bliana a chothú.

Agus athbhreithniú ar siúl ar an oideachas sa tsraith shinsearach in Éirinn faoi láthair agus i bhfianaise gur tugadh isteach clár dá leithéid a bhfuil difríochtaí struchtúrtha (m.sh. maireann sé seimeastar amháin seachas

bliain amháin agus dírítear ar an scoláire ina aois a thrí bliana nó a cheithre bliana déag seachas ar an scoláire atá cúig bliana déag d'aois) ag baint leis sa Chóiré Theas, tagann ceisteanna níos leithne chun cinn:

- *An bhfuil an leas is mó is féidir á bhaint as an idirbhliain go fóill sa ról atá aici faoi láthair mar bhriseadh bliana ar chríochnú an oideachais shóisearaigh meánscoile nuair a bhíonn an scoláire cúig bliana déag d'aois?*
  - An bhféadfaí í a chur ar fáil do scoláirí ní ba shine nó ní b'óige? Ar cheart í a chur ar fáil?
  - An mbeadh rannpháirtithe ní b'óige sách aibí chun tuiscintí éagsúla a bhaint as an rannpháirtíocht in áiteanna oibre do dhaoine fásta?
  - An mbeadh scoláirí ní ba shine ar bhealach oideachasúil nó gairme cheana (agus mar sin an mbainfidís mórán tairbhe as 'briseadh bliana' ar scoil)?
  - An rachadh sé chun sochair do leibhéil eile gráid taithí ní ba mhó a fháil ar na gnéithe pobail nó cruthaitheacha den idirbhliain?
  - An rachaidh an Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige, a fhágann go mbíonn páistí níos sine anois agus iad ag tosú ar an mbunscoil ná mar a bhí cheana, i bhfeidhm ar an rannpháirtíocht san idirbhliain amach anseo? Is é sin, má bhíonn níos mó scoláirí 16 bliana d'aois nó ag teannadh léi, an mbeidh siad ag iarraidh bliain sa bhreis a chaitheamh ar scoil?
- *An bhfuil carachtar sainiúil na hidirbhliana mar bhliain aisti féin (nó bliain a chuirtear ar leataobh) tábhachtach?*
  - Dá roinnfí an bhliain ina modúil éagsúla thar dhá nó trí bliana, an mbeadh an t-eispéireas ní ba bhoichte? An gcaillfeadh an scoláire an deis atá ann dó anois briseadh sonrach a thógáil ag deireadh na sraithe sóisearaí? Ach, ina dhiaidh sin féin…

  - agus an tsraith shóisearach nuachóirithe, lena n-áirítear gearrchúrsaí agus an fhoghlaim chomhair, á cur chun feidhme, an mbeidh briseadh fós de dhíth ar an scoláire? Chuir scoláirí in iúl go mion minic gur gné ríthábhachtach den idirbhliain is ea an obair a dhéantar ar thionscadail agus na cuir chuige chomhoibritheacha a úsáidtear i gcomparáid leis an taithí a bhíonn acu ar scoil roimhe sin – d'fhéadfadh sé nach mbeadh an chodarsnacht seo chomh mór céanna sna blianta atá amach romhainn. An bhféadfadh sé nach mbeadh an idirbhliain chomh tarraingteach céanna (mar go mbíodh athrú soiléir i gceist léi roimhe seo ó na ranganna níos 'traidisiúnta' a bhíodh ann mar ullmhúchán don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht)? Más ea, an gá ról na hidirbhliana a nuashonrú?
  - An gá bliain iomlán a chaitheamh chun eispéireas dearfach idirbhliana a bhaint amach? D'fhéadfadh sé go mbeadh bliain iomlán lasmuigh de ghnáthstruchtúir na scoile rófhada do scoláirí ní b'óige ag tús na meánscolaíochta. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go bhfuil cumas níos mó ag an déagóir láir (agus é ar tí teacht in inmhe) úsáid a bhaint as tréimhse fhada saor ón mbrú acadúil a bhíonn i gceist le scrúduithe tábhachtacha agus go mbíonn sé in ann dul i ngleic mar is ceart leis na gníomhaíochtaí sóisialta, pobail, forbartha, gairme agus ealaíonta a bhíonn ar siúl san idirbhliain.
- *An fiú machnamh a dhéanamh ar bhéim níos mó a chur ar an mbunfhoghlaim atá dírithe ar scrúduithe san idirbhliain chun aghaidh a thabhairt ar an imní a bhíonn ar an scoláire agus ar thuismitheoirí i ndáil le nósanna staidéir nó an fhoghlaim ag dul i léig?*
  - Ach sa chás sin, cad faoi na gníomhaíochtaí eile a dhéantar san idirbhliain a thacaíonn go mór le gnéithe eile den fhorbairt phearsanta agus den fhorbairt shóisialta?
  - An mbítear ag díriú aird go leor ar an ullmhúchán do na scrúduithe agus ar an bhfoghlaim 'acadúil' cheana ar leibhéil eile gráid?
  - Ar cheart cúram ní ba mhó a dhéanamh don fhoghlaim ghairme agus don fhoghlaim phroifisiúnta san idirbhliain nó ar leibhéil eile gráid? Cuireann roinnt scoláirí in iúl gur eispéireas fiúntach í an taithí oibre. An bhféadfaí foghlaim ghairme na scoláirí a fheabhsú a thuilleadh? Mar shampla, bíonn sé níos éasca do scoláirí áirithe

socrúcháin oibre a eagrú ná mar a bhíonn sé do scoláirí eile (m.sh. trí ghaolta nó naisc éagsúla, nó trí naisc shóisialta nó sheach-churaclaim) – cén chaoi is fearr chun aghaidh a thabhairt ar an míchothromaíocht sa taithí nó sa rochtain ar shocrúcháin agus ar dheiseanna gairme?

## Tuilleadh eolais agus acmhainní eile

- Is féidir athbhreithnithe ar an litríocht taighde i ndáil leis an idirbhliain (Clerkin, 2012: https://epaa.asu.edu/ojs/article/view/1061/1022) agus plé ar theoiricí síceolaíocha na forbartha déagóirí i ndáil leis an idirbhliain (Clerkin, 2018a: https://doi.org/10.1002/rev3.3112 agus Clerkin, 2018b: https://doi.org/10.1002/rev3.3113) a íoslódáil saor in aisce.
- Tá anailís mhionsonraithe ar an bhfás a tháinig bliain i ndiaidh bliana ar an soláthar don idirbhliain agus ar rannpháirtíocht san idirbhliain ón mbliain 1992 go dtí 2011 agus difríochtaí maidir leis an gcineál scoile agus comhdhéanamh socheacnamaíoch na scoile ar fáil ó *Irish Educational Studies* (Clerkin, 2013: https://doi.org/10.1080/03323315.2013.770663) nó trí theagmháil a dhéanamh leis an údar.
- Cuireann *Transition Year in Action* (Gerry Jeffers; arna fhoilsiú ag Liffey Press in 2015) roinnte smaointe praiticiúla agus samplaí den dea-chleachtas ar fáil ó scoileanna ar fud na tíre maidir leis an idirbhliain a eagrú agus ábhar na hidirbhliana.
- Cuireann *Learning through work experience* (Gerry Jeffers; arna fhoilsiú ag Educational Company of Ireland in 2014) teimpléad struchtúrtha ar fáil don mhúinteoir agus don scoláire chun ullmhúchán a dhéanamh don socrúchán oibre, taifead a dhéanamh air agus machnamh a dhéanamh air.
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (teimpléid i gcomhair gearrchúrsaí): https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/cláir-agus-príomhscileanna/an-idirbhliain.
- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí: www.pdst.ie/TY.
- Foras Taighde ar Oideachas: www.erc.ie/TY.